# Beartas Ionaid Seirbhíse an NRA

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta



NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

Lúnasa 2014

# Beartas Ionad Seirbhíse an NRA

## CLÁR ÁBHAR

**1 Réamhrá ... 1**

1.1 Ginearálta ... 1
1.2 Comhthéacs Beartais ... 1
1.3 Riachtanais Úsáideoirí Bóithre ... 4
1.4 Saincheisteanna le haghaidh Údaráis Phleanála agus Bhóithre ... 5

**2 Áiseanna ... 6**

2.1 Saghsanna Ionaid Seirbhíse ar an Líne ... 6
2.2 Caighdeáin Deartha le haghaidh Ionaid Seirbhíse ... 6

**3 Láithreacha ... 7**

3.1 Spásáil Ionaid Seirbhíse ... 7
3.2 Láithreacha Reatha Ionaid Seirbhíse ar an Líne ... 7
3.3 Láithreacha Ionaid Seirbhíse a Bheartaítear ... 7
3.4 Riachtanais Ionad Seirbhíse de réir Bealaigh ... 11
3.5 Láithreacha Sonraithe ... 15

**4 Comharthaíocht agus Faisnéis ... 15**

4.1 Comharthaíocht chuig na hIonaid Seirbhíse ... 15
4.2 Faisnéis ... 15

**5 Soláthar Ionaid Seirbhíse ... 16**

5.1 Ionaid Seirbhíse ar an Líne ... 16
5.2 Ionaid Seirbhíse ar Leataobh ... 17

**6 Achoimre ... 18**

# 1 Réamhrá

## 1.1 Ginearálta

Comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (**an tÚdarás**) a bhfuil dualgas air as gréasán sábháilte agus éifeachtúil bóithre náisiúnta a sholáthar. Glactar leis níos mó anois go gcuirtear san áireamh le gréasán sábháilte bóithre limistéir leordhóthanacha pháirceála a sholáthar lena chur ar chumas tiománaithe chun stopadh agus chun sos a ghlacadh. I bhfírinne, thug rialacháin an Aontais Eorpaigh seasamh dlíthiúil don ghá seo le déanaí faoin mbeartas Gréasán Tras-Eorpach Iompartha (TEN-T).

Is é cuspóir na cáipéise seo chun bonn an bheartais a leagan amach ar a soláthrófar ionaid seirbhíse chun freastal ar riachtanais úsáideoirí bóithre ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta in Éirinn.

Cuirfidh an tÚdarás, faoi réir fhaomhadh an Bhoird Phleanála, ionaid seirbhíse oiriúnacha ar an líne san áireamh mar chuid lárnach de na bóithre nuair a bheidh débhealaí nua nó uasghrádaithe á bpleanáil acu (mótarbhealaí san áireamh). Tugtar na láithreacha dóchúla faoi deara sa cháipéis seo ar líon scéimeanna, agus sainaithneofar iad le haghaidh scéimeanna eile amach anseo de réir mar a thagann siad chun solais.

Cuirfidh an tÚdarás, chomh maith leis sin, faoi réir chead an Bhoird Phleanála, ionaid seirbhíse ar an líne leis an ngréasán débhealaí reatha ag roinnt láithreacha, ach beidh aird acu, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar mhéid an iarfheistithe ar an líne, ar an méid ionaid seirbhíse ar leataobh a sholáthrófar. Cuimsítear sonraí sa bheartas ar an méid atá beartaithe maidir leis seo.

Níl aon rud ar na bacáin ag an Údarás faoi láthair go mbeidh baint acu in ionaid seirbhíse a sholáthar ar an ngréasán débhealaí singil. Leagtar amach ról an Údaráis maidir le forbairtí tríú páirtí i gcáipéis na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na dTreoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (2012).

## 1.2 Comhthéacs Beartais

### *1.2.1 Beartas na hEorpa*

Mar gheall ar bheartas na hEorpa (ar a dtugtar achoimre i dTábla 2.1), tá ar Bhallstáit ionaid a sholáthar, áit ar féidir le húsáideoirí páirceáil, scíth a ligean agus rochtain a fháil ar áiseanna. Leagtar béim láidir ar sheirbhísiú a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí bóithre tráchtála, agus léiríonn seo go soiléir an gá gan caitheamh le bóithre mar áit oibre agus chun timpeallacht shlán agus oiriúnach a sholáthar d'úsáideoirí bóithre inar féidir leo oibriú.

*Tábla 1.1 Beartas na hEorpa*

| Beartas | Rialachán/Treoir |
|---|---|
| Gréasáin Thras-Eorpacha Iompartha | Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 |
| Am Tiomána agus Tréimhsí Scíthe | Rialachán (AE) Uimh. 561/2006 |
| Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagair Bhóthair | Treoir 2008/96/CE |
| Córais Chliste Iompair | Treoir 2010/40/AE |

***Gréasáin Thras-Eorpacha Iompartha***

Sraith bheartaithe gréasáin iompair iad na Gréasáin Thras-Eorpacha Iompartha (TEN-T) ar fud na hEorpa. Díríonn rialachán TEN-T ar fhorbairt chéimnitheach an ghréasáin iompair agus tugtar tús áite don chroíghréasán (faoi 2030) agus fuílleach an ghréasáin chuimsithigh ina dhiaidh sin (faoi 2050).

In Éirinn, is éard atá sa chroíghréasán reatha an bealach ó Thuaisceart Éireann a ghabhann trí Bhaile Átha Cliath chuig Corcaigh/Rinn an Scidígh agus Luimneach/Faing araon. Léirítear gréasán iomlán TEN-T i bhFíor 1.1.

Sonraítear i rialachán TEN-T an cuspóir a bhaineann leis na sochair a mhéadú d'úsáideoirí bóithre trí chaighdeáin shábháilte, shlána agus ardchaighdeáin a chinntiú d'úsáideoirí bóithre agus d'iompar paisinéirí.

Áirítear leis an rialachán an gá le spásanna cuí páirceála a sholáthar d'úsáideoirí tráchtála agus, ar an gcroíghréasán, forbairt ionaid scíthe thart ar gach 100km ar aon dul le riachtanais úsáideoirí bóithre.

*Fíor 1.1 Léarscáil de Ghréasán Bóithre TEN-T*



### *Am Tiomána agus Tréimhsí Scíthe*

Is é cuspóir an Rialacháin um Am Tiomána agus Tréimhsí Scíthe chun feabhas a chur ar choinníollacha oibre le haghaidh tiománaithe agus sábháilteachta ar bhóithre le haghaidh gach úsáideoir bóithre.

Sonraítear sa Rialachán an gá atá leis go nglacann tiománaithe sos 45 nóiméad tar éis gach ceithre huaire go leith a chaitheamh ag tiomáint. Anuas air sin, ní mór do thiománaithe tréimhsí laethúla sosa agus tréimhsí seachtainiúla scíthe a ghlacadh. Ceadaítear do thiománaithe tréimhsí laethúla agus laghdaithe seachtainiúla a ghlacadh ina bhfeithiclí.

### *Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagair Bhóthair*

Tá sé ina choinníoll ag an Treoir maidir Bainistíocht Sábháilteachta Bonneagair Bhóthair nach mór go gcuirfí san áireamh an líon leordhóthanach d'ionaid shábháilte pháirceála a sholáthar nuair a thugtar faoi mheasúnú ar an tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre ar mhaithe le tionscadail bhonneagair.

### *Córais Chliste Iompair*

Leagfaidh an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair (ITS) an gá amach le teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar iompar ar fud an AE, lena n-áirítear an gá le faisnéis agus áirithint páirceáil shábháilte agus shlán a sholáthar d'fheithiclí tráchtála.

## *1.2.2 Beartas Náisiúnta*

### *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre*




Déanann an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre sprioc de laghdú suntasach ar an líon básanna mar thoradh ar imbhuailtí bóthair ar bhóithre na hÉireann faoi 2020. Leagann an straitéis béim ar an aitheantas méadaitheach ar thionchar tuirse agus fonn codlata ar fheidhmíocht tiománaithe, agus tugtar an méid a leanas chun suntais:


> ***"Cé gurb éagsúil do mheastacháin fhoilsithe, d'fhéadfadh gurb ionann agus 15-20% timpistí a bhaineann le codladh as gach imbhualadh um thrácht ar bhóithre"***

Leagtar amach sa straitéis seo plean gníomhaíochta le haghaidh 2013-2020. Áirítear leis seo, bearta oideachais, innealtóireachta, forfheidhmithe agus taighde. Tá beart innealtóireachta (mír 56) a dhéileálann go sonrach le hionaid seirbhíse:

> ***"5 ionad nua seirbhíse, ar a laghad, a sholáthar ar an ngréasán mótarbhealaigh nó díreach i ngar dó faoi 2020"***

Ní dhéanann an straitéis na láithreacha le haghaidh ionaid seirbhíse a shonrú ar an líonra mótarbhealaigh.

### *Na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta*




Leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála breithniúcháin bheartais phleanála a bhaineann le forbairt a imríonn tionchar ar bhóithre náisiúnta (mótarbhealaí, príomhbhóithre náisiúnta agus bóithre náisiúnta den dara grád) lasmuigh de chriosanna luasteorann 50/60km san uair le haghaidh cathracha, bailte agus sráidbhailte.

Déanann Mír 2.8 de na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta idirdhealú idir trí láthair éagsúla le haghaidh ionaid seirbhíse:

- Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an Líne
- Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar Leataobh ag Acomhail Bhóithre Náisiúnta
- Áiseanna Seirbhíse Thaobh an Bhóthair ag Acomhail Bhóithre Náisiúnta Neamh-Mhótarbhealaigh

Tugtar breac-chuntas sna treoirlínte ar ról ceannais an Údaráis agus an Údaráis Áitiúil ábhartha maidir le hionaid seirbhíse mótarbhealaigh ar an líne a sholáthar.

Tacaíonn na treoirlínte leis an ngá atá le cur chuige pleanála chun cinn i leith ionaid seirbhíse phríobháideacha ar leataobh a sholáthar agus tagairt á déanamh do na ceanglais agus an chomhairle atá curtha san áireamh sa treoir is cothroime le dáta de chuid an Údaráis ar láthair agus leagan amach ionaid seirbhíse an NRA agus áiseanna seirbhíse de chineál reatha nó beartaithe a bheartaítear a chuirtear chun cinn go príobháideach laistigh de bhailte/lonnaíochtaí reatha agus atá lonnaithe i bpurláin ghinearálta na conaire ábhartha bóthair.

D'fhonn scaipeadh ionaid seirbhíse a sheachaint, tacaítear leis an ngá atá le cur chuige comhordaithe idir údaráis phleanála i gcomhairle leis an Údarás mar chuid de phleananna forbartha a dhréachtú.

Sonraítear sna treoirlínte gur cheart go mbeadh na háiseanna a chuirtear san áireamh in ionaid seirbhíse bheith den saghas sin a sheachnaíonn turais ghearra áitiúla a mhealladh nó go ndéanfar cinn scríbe de na láithreacha le haghaidh custaiméirí áitiúla.

### 1.3 Riachtanais Úsáideoirí Bóithre

Ní mór dul i ngleic le riachtanais na n-úsáideoirí uile bóithre i ndearadh agus suíomh na n-ionad seirbhíse. Áirítear leo seo tiománaithe tráchtála, comaitéirí, tiománaithe eile, paisinéirí (i ngluaisteáin agus busanna) agus turasóirí.

Anuas ar na riachtanais éigeantacha a chomhlíonadh a shainíonn beartas Eorpach agus náisiúnta, is tábhachtach breithniú a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar riachtanais shóisialta úsáideoirí bóithre.

Baineann tábhacht ar leith leis an líon timpistí a tharlaíonn mar gheall ar an tuirse a laghdú. Thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoi chlár taighde ar iompar agus ar mheonta thiománaithe na hÉireann in 2013. Mar gheall air seo, is féidir iompar na dtiománaithe a thomhas ag tráthanna sonracha ama agus tuiscint a fháil ar threochtaí le himeacht ama.

Tugann an fhianaise is déanaí an méid a leanas le fios:

- Tiomáineann duine as gach cúigear idir dhá agus trí huaire an chloig gan sos a ghlacadh;
- Tá treocht anuas le sonrú ar an meánfhad aistir a dhéantar gan sos a ghlacadh bliain ar bhliain;
- Thit duine as gach deichniúr a chodladh fad a bhí siad ag tiomáint (figiúr atá cosúil leis an bhfigiúr a sonraíodh i staidéir roimhe seo);
- Tá dhá oiread an seans ann go dtitfidh iad siúd a mbíonn feithiclí éadroma á dtiomáint acu a chodladh;
- Bhí duine as gach cúigear thíos go mór ("agus é ina ábhar buartha") ag easpa airde nuair a bhíonn siad ag tiomáint;
- Tháinig laghdú mór ar an gcomhréir díobh siúd a ghlacann an cúrsa ceart gníomhaíochta nuair a bhíonn fonn codlata orthu (codladh gearr a ghlacadh/cupán caife a bheith acu).

Cuirfidh limistéir a sholáthar a ligeann do thiománaithe páirceáil agus a scíth a ligean ag eatraimh rialta feadh an ghréasáin débhealaí go mór le timpistí a tharlaíonn mar gheall ar an tuirse a laghdú.

Is iad príomhriachtanais na n-úsáideoirí bóithre a bhfuil ionaid seirbhíse le dul i ngleic leo:

- Limistéir inar féidir feithiclí tráchtála páirceáil chun ligean do thiománaithe a dtréimhsí éigeantacha sosa agus scíthe a ghlacadh (páirceáil thar oíche san áireamh);
- Rochtain do gach úsáideoir bóithre chun páirceáil agus a scíth a ligean chun tuirse a laghdú;
- Rochtain ar áiseanna d'úsáideoirí bóithre, lena n-áirítear:

- stáisiúin bhreosla
- leithris
- cithfholcadáin
- siopaí áise
- asraonta bialainne/bia
- faisnéis do thurasóirí
- limistéir shúgartha le haghaidh leanaí

A luaithe a bhíonn siad i bhfeidhm, beidh ar ionaid seirbhíse forbairt go leanúnach chun riachtanais úsáideoirí bóithre atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. Is dócha go mbeidh limistéir pháirceála i gceist le riachtanais amach anseo le slándáil fheabhsaithe agus an cumas chun páirceáil shlán agus shábháilte le haghaidh feithiclí tráchtála a chur in áirithe.

### 1.4 Saincheisteanna le haghaidh Údaráis Phleanála agus Bhóithre

Níl aon ról forbartha nó oibríochtúil ag an Údarás maidir le háiseanna earnála príobháidí i gcóngaracht an ghréasáin bhóithre náisiúnta, cé go bhféadfaí seirbhísí le haghaidh gluaisrothaithe a áireamh leis na forbairtí atá i gceist. Ta ról le comhlíonadh ag an Údarás, áfach, mar chuid den phróiseas pleanála, áfach, agus ina leith seo, dírítear aird ar na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012).

Faoi mar a dtugtar breac-chuntas air cheana féin, tagraíonn Mír 2.8 d'ionaid seirbhíse ar an líne agus ar leataobh ar an mótarbhealach a sholáthar ag acomhail bhóithre náisiúnta. Faoi na treoirlínte, ba cheart go mbeadh áiseanna a bheartaítear a chur san áireamh i ngach ionad seirbhíse den saghas sin a sheachnaíonn turais ghearra, áitiúla, aicme thráchta nach bhfuil comhsheasmhach leis an mbunról beartaithe le haghaidh bóithre náisiúnta agus acomhail ghaolmhara chun freastal ar thrácht straitéiseach cianfhaid idiruirbeach agus trácht idir-réigiúnach. Anuas air sin, thiocfadh sé salach ar bheartas pleanála an Rialtais maidir le miondíol agus láir bhailte faoi mar a leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012) a cheadú go ndéantar ceann scríbe d'ionad seirbhíse do chustaiméirí áitiúla.

I dtaca le hionaid seirbhíse ar an líne, a bhfuil baint dhíreach ag an Údarás a bhaint amach, i gcomhréir le forálacha an Achta Bóithre, 1993, arna leasú, tugtar breac-chuntas sna treoirlínte gur cheart freastal ar an gcuspóir chun na hionaid seirbhíse ar an líne seo a sholáthar sna pleananna ábhartha forbartha.

Tugtar le fios go soiléir sna Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála gur cheart scaipeadh áiseanna ionad seirbhíse ar leataobh ag acomhail bhóithre náisiúnta a sheachaint.

Chun dul i ngleic leis an riachtanas seo, molann na treoirlínte go bhféadfaidh údaráis áitiúla, nuair a bhíonn a bpleananna á réiteach acu, machnamh a dhéanamh ar bheartais chun ionaid seirbhíse ar leataobh a sholáthar agus tagairt á déanamh do na ceanglais agus an chomhairle atá curtha san áireamh sa treoir is cothroime le dáta de chuid an Údaráis ar láthair agus leagan amach ionaid seirbhíse an NRA agus áiseanna seirbhíse de chineál reatha nó beartaithe a bheartaítear a chuirtear chun cinn go príobháideach laistigh de bhailte/lonnaíochtaí reatha agus atá lonnaithe i bpurláin ghinearálta na conaire ábhartha bóthair. Tá sé tábhachtach, ar an ábhar sin, gur cheart cur chuige comhordaithe a ghlacadh idir údaráis phleanála i gcomhairle leis an Údarás mar chuid de phleananna forbartha a dhréachtú.

Leagann an Beartas Ionad Seirbhíse seo an bonn faoi réiteach na mbeartas agus na gcuspóirí ábhartha forbartha a bhfuil plé le déanamh ag údaráis phleanála agus an tÚdarás orthu.

Ba cheart go mbeadh Údaráis Phleanála agus Bhóithre ar an eolas nach mbaineann an gá, in am trátha, nach mór go mbeidh áiseanna oiriúnacha páirceála ann ar gach ceann de bhealaí TEN-T, d'éirim bheartas an Stáit, ar bhealach ar bith, i leith pointí nua rochtana a sholáthar, nó diansaothrú na húsáide ag na pointí reatha rochtana, ar bhóithre náisiúnta. Féadtar ceanglais rialacháin TEN-T a shásamh ar bhealach atá go hiomlán comhsheasmhach le beartais an Stáit mar gheall go mbaineann siad le sábháilteacht ar bhóithre agus leis an luach sócmhainne a chosaint.

Mheasfaí gurbh ionann ionaid seirbhíse ar leataobh a sholáthar agus cúinsí eisceachtúla amhail a áirítear i mír 2.6 de na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta.

# 2 Áiseanna

## 2.1 Saghsanna Ionaid Seirbhíse ar an Líne

Tá dhá shaghas ionad seirbhíse ar an líne beartaithe, is iad sin Ionaid Seirbhíse **Shaghas 1** agus **Shaghas 2**.

Is éard a bheidh in Ionad Seirbhíse Shaghas 1 (ionad seirbhíse iomlán)

> ***ionad seirbhíse mórscála a sholáthraíonn foirgneamh fóntais (lena n-áirítear siopa áise, bialann, seomraí níocháin agus faisnéis do thurasóirí), áiseanna breosla, limistéar páirceála agus picnice***

Is éard a bheidh in Ionad Seirbhíse Shaghas 2 (ionad scíthe)

> ***ionad seirbhíse beagscála a sholáthraíonn áiseanna páirceála, picnice agus leithris, ach gan príomhfhoirgneamh fóntais ná áiseanna breosla***

Ba cheart go bhfreastalódh ionaid seirbhíse ar an trácht a thaistealaíonn sa dá threo ar an mbóthar. Is féidir seo a dhéanamh trí áiseanna ar leith a lonnú ar gach taobh den bhóthar nó áis amháin a lonnú a bhfuil rochtain air ón dá threo, e.g. ar dhroichead. Ní gá go mbeadh áiseanna atá lonnaithe ar gach taobh den bhóthar lonnaithe díreach trasna óna chéile.

Sainaithníonn an t-athbhreithniú ar an ngréasán reatha gá le hionaid seirbhíse Shaghas 1 go príomha, agus meastar go mbainfear úsáid níos fairsinge as ionaid seirbhís Shaghas 2 de réir mar a thagann fairsingiú ar an ngréasán débhealaigh.

Thóg an tÚdarás líon leataobhanna roimhe seo ar an ngréasán débhealaigh, agus bhí sé beartaithe, go príomha, iad a úsáid mar limistéir forfheidhmithe an Gharda Síochána, ach in éagmais limistéir chearta seirbhíse, tá go leor díobh oscailte le húsáid phoiblí a bhaint astu. Ligeann na leataobhanna seo don trácht tarraingt isteach ón bpríomhdhébhealach, ach níl aon áiseanna lonnaithe sna limistéir agus tá na spásanna páirceála an-teoranta. Ní cheadaítear d'úsáideoirí bóithre a bhfeithiclí a fhágáil ag na limistéir leataoibh seo. Mar dhea, soláthraíonn na limistéir leataoibh seo seirbhís theoranta d'úsáideoirí bóithre.

Aistarraingeofar na fodhlíthe seo ó úsáid ghinearálta phoiblí, ach d'fhéadfadh roinnt díobh leanúint le bheith in úsáid go fóill mar limistéir forfheidhmithe an Gharda Síochána.

## 2.2 Caighdeáin Deartha le haghaidh Ionaid Seirbhíse

Foilsíonn an tÚdarás caighdeáin deartha le haghaidh ionaid seirbhíse ar an líne. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na caighdeáin seo[1]. Meastar go ndéanfar nuashonrú breise ar na caighdeáin seo chun an beartas seo agus na haighneachtaí a fuarthas a léiriú mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Is éagsúil a bheidh scála na n-ionad aonair seirbhíse bunaithe ar mhéideanna tráchta agus tosca áitiúla. Sampla de thosca áitiúla is ea an gá atá le leibhéil mhéadaithe de pháirceáil d'Fheithiclí Troma Tráchtála (HCVanna) ag ionaid seirbhíse i ngar do chalafoirt.

[1] An NRA TA 70/14 (Meitheamh 2014), Imleabhar 6, Mír 3, Cuid 3, Lámhleabhar Deartha an NRA maidir le Bóithre agus Droichid.

Is gnách go mbeidh rochtain agus bealach amach ó na seirbhísí ar an líne go díreach ón débhealach príomhlíne. D'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann ina leith seo, ar nós na háite a mbeidh ionaid seirbhíse lonnaithe ag deireadh débhealaí nó ag crosbhealach idir dhá dhébhealach. Is éard atá beartaithe ná a chinntiú nach ndéantar cinn scríbe do chustaiméirí áitiúla as ionaid seirbhíse ar an líne. D'fhéadfaí rochtain don fhoireann a oibríonn san ionad seirbhíse ón ngréasáin débhealaigh shingil, áfach, a cheadú.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh ionaid seirbhíse forbairt go leanúnach chun caighdeáin riachtanais úsáideoirí bóithre atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. I measc na samplaí de na riachtanais siúd amach anseo, tá:

- Áiseanna méadaithe páirceála bunaithe ar mhéideanna tráchta
- Páirceáil a sholáthar ag a bhfuil slándáil fheabhsaithe le haghaidh feithiclí tráchtála
- A bheith ábalta páirceáil shlán agus shábháilte a chur in áirithe roimh ré ar aon dul le Treoir an ITS
- Leibhéil mhéadaithe áiseanna chun beartais Eorpacha agus Náisiúnta amach anseo a chomhlíonadh

Ní leagann an tÚdarás caighdeáin amach le haghaidh forbairtí nach cuid de bhóithre náisiúnta iad, ar nós ionaid seirbhíse ar leataobh, ach d'fhéadfadh údaráis phleanála agus údaráis bhóithre aird a thabhairt ar chaighdeáin Bhóithre Náisiúnta, dar ndóigh.

# 3 Láithreacha

## 3.1 Spásáil Ionaid Seirbhíse

Tá sé beartaithe chun freastal ar riachtanais úsáideoirí bóithre trí mheascán d'Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 (ionaid seirbhíse iomlána) agus Ionaid Seirbhíse Shaghas 2 (ionaid scíthe).

Díríonn an beartas seo ar Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 a sholáthar ar a laghad gach 100km ar an ngréasán débhealaigh. I gcleachtas, is gá don spásáil a bheith níos lú ná 100km i bhformhór na gcásanna. Ina theannta sin, sa chás go mbíonn an bhearna idir Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 breis agus 85km, ba cheart Ionad Seirbhíse Shaghas 2 a sholáthar.

Bunaíodh an spásáil a leagtar amach thuas ar mheascán de bheartas Eorpach agus náisiúnta, taighde idirnáisiúnta, anailís ar an ngréasán bóithre in Éirinn agus aighneachtaí a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí.

## 3.2 Láithreacha Reatha Ionaid Seirbhíse ar an Líne

Tá Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 oscailte, á dtógáil, nó ag céim na tairisceana ag na sé láthair a leanas:

- Lusca ar an M1
- Baile an Ghearlánaigh ar an M1
- An Bóthar Buí ar an M4
- Baile Átha Luain ar an M6
- Cill Chuilinn ar an M9
- Guaire ar an M11

Níl aon Ionaid Seirbhíse Shaghas 2 ann faoi láthair.

## 3.3 Láithreacha Ionaid Seirbhíse a Bheartaítear

### *3.3.1 Débhealaí/Uasghráduithe Nua*

Tá trí mhórscéim dhébhealaigh sa chéim phleanála faoi láthair, arb iad Cathair Chorcaí-Rinn an Scidígh, Luimneach-Faing agus seachbhóthar Chathair na Gaillimhe. Meastar go n-áireofar le scéimeanna Rinn an Scidígh agus Fhainge araon ionaid seirbhíse Shaghas 1, agus forbrófar na sonraí agus na láithreacha cruinne mar chuid d'fhorbairt na scéimeanna. Ní mheastar go gcuirfear

aon ionaid seirbhíse san áireamh ar scéim sheachbhóthair na Gaillimhe, mar gheall ar an ionad seirbhíse a bheartaítear a bheidh suite ag an áit a dtrasnaíonn an M6 an M17/18.

Ceanglaíonn rialacháin TEN-T an AE ar an údarás go leor den ghréasán Bóithre Náisiúnta a uasghrádú. Tá sé nach mór cinnte dearfa go soláthrófar ionad seirbhíse mar chuid de na huasghráduithe ar dhébhealach Bhaile Átha Cliath-an Náis agus stráice tuaisceartach an N11. Déanfar cinneadh faoi cén saghas ionad seirbhíse a sholáthrófar nuair a bheidh na huasghráduithe á bpleanáil.

Cuirfidh scéimeanna eile débhealaigh ionaid seirbhíse san áireamh, chomh maith, mar chuid lárnach de na bóithre, agus déanfar na cinntí faoi cén saghsanna ionad seirbhíse a bheidh iontu agus cá lonnófar iad ag an tráth a phleanálfar na scéimeanna. Sampla de seo ná an M20 ó Chorcaigh go Luimneach, ar a soláthrófar ionad seirbhíse mar chuid lárnach den scéim.

### *3.3.2 An Gréasán Reatha Débhealaigh*

Is féidir na riachtanais atá le hionaid seirbhíse ar an ngréasán reatha débhealaigh a thabhairt faoi deara i bhFíor 3.1, thíos, agus tugtar breac-chuntas níos sonraí orthu i dTáblaí 3.1-3.10 thíos.

Ionaid seirbhíse ar an líne is ea rogha an bheartais, agus aird ar áisiúlacht phoiblí, rialú ar chaighdeán, méid agus cineál na seirbhísí a chuirfear ar fáil, agus cumas an Údaráis chun freagairt don dlí atá ag teacht chun cinn, ar nós Threoir an ITS agus na Rialachán TEN-T.

***Áiseanna Reatha ar Leataobh***

Tá líon áiseanna ar leataobh ann cheana féin, nó tá ardchéimeanna tógála nó pleanála bainte amach acu atá suite i ngar don ghréasán débhealaigh. Measann an tÚdarás gur cheart go n-aithneodh an beartas na háiseanna ar leataobh siúd a sholáthraíonn seirbhísí fairsinge agus a chomhlíonann critéir áirithe, is é sin; leibhéal cuí de sholáthar páirceála a bheith iontu le haghaidh gluaisteán agus Feithiclí Troma Tráchtála (HCVanna), a bheith lonnaithe laistigh de chúpla céad méadar den débhealach, go bhfanfaidís ar oscailt ar feadh 24 uair an chloig, agus go gceadóidís feithiclí tráchtála páirceáil ar feadh tréimhsí níos faide, thar oíche san áireamh, rud a ligfeadh do thiománaithe tréimhsí sosa agus scíthe a ghlacadh.

Tá áiseanna reatha ann a chomhlíonann na critéir seo, lonnaithe ag:

- Gort na Bealtaine (Acomhal 14) ar an M7 agus
- Muine Gall (Acomhal 23) ar an M7.

Ní mheasann an tÚdarás go soláthrófar ionaid seirbhíse ar an líne ina bhfoisceacht, ar a laghad sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Má chuirimid san áireamh go ndéanfar breithniú arís eile ar ionaid seirbhíse ar an líne a sholáthar ina bhfoisceacht in 2019, agus pleanáil agus tógáil á gcur san áireamh, ní dóchúil go n-osclóidh an tÚdarás aon Ionad Seirbhíse ina bhfoisceacht roimh 2022, ar a luaithe.

D'fhéadfadh roinnt áiseanna ar leataobh a bhfuil faomhadh pleanála acu, nó atá á dtógáil cheana féin nó atá á n-oibriú cheana féin na critéir thuas a chomhlíonadh nó d'fhéadfaí iad a uasghrádú chun na critéir a chomhlíonadh. Ina measc seo tá forbairtí ag:

- Cnocán an Éin Fhinn (Acomhal 27) ar an M7
- An meascán d'ionad reatha seirbhíse ar leataobh ag Caiseal (Acomhal 8) agus ionad seirbhíse beartaithe ag Baile Cholla (Acomhal 3) a bhfuil faomhadh pleanála aige ar an M8

Seo a leanas láithreacha eile ina d'fhéadfadh áiseanna ar leataobh na critéir a chomhlíonadh:

- Ó Bhaile Mhistéala go Mainistir Fhear Maí (ó Acomhal 13 go hAcomhal 14) ar an M8
- Ó Cheatharlach Theas go Cill Chainnigh (ó Acomhal 6 go hAcomhal 8) ar an M9


Faoi na forbróirí a bheidh sé cinneadh a dhéanamh chun na hionaid seirbhíse seo a chur chun cinn, agus faoi na húdaráis phleanála a bheidh sé aon chinneadh a dhéanamh chun iad a fhaomhadh. Ní thacaíonn an tÚdarás agus ní chuireann siad i gcoinne a bhforbartha, ach sa mhéid go bhfuil na hionaid seirbhíse seo forbartha agus go gcomhlíonann siad na critéir a shonraítear thuas, ní mheasann an tÚdarás go soláthrófar ionaid seirbhíse ar an líne ina bhfoisceacht, ar a laghad sa

ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Má chuirimid san áireamh go ndéanfar breithniú arís eile ar ionaid seirbhíse ar an líne a sholáthar ina bhfoisceacht in 2019, agus pleanáil agus tógáil á gcur san áireamh, ní dóchúil go n-osclóidh an tÚdarás aon Ionad Seirbhíse ina bhfoisceacht roimh 2022, ar a luaithe.

Tá an tÚdarás feasach go bhfuil go leor áiseanna eile ann ar fáil d'úsáideoirí bóithre i ngar don ghréasán débhealaigh. Cuirtear fáilte roimh na háiseanna seo agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad d'úsáideoirí bóithre, ach ní chomhlíonann siad na critéir thuas.

Soláthróidh an tÚdarás ionaid seirbhíse ar an líne ag na láithreacha eile a shainaithnítear ar an ngréasán reatha débhealaigh. Cé nach mbaineann sin d'fhorbairtí amach anseo ar leataobh ag na láithreacha seo, faoi réir faomhadh na n-údarás pleanála, ní dhéanfar breithniú ar na háiseanna ar leataobh sin mar rogha ar ionaid seirbhíse ar an líne de chuid an Údaráis.

*Fíor 3.1 Riachtanais Ionad Seirbhíse*



## 3.4 Riachtanais Ionad Seirbhíse de réir Bealaigh

***An M1 Baile Átha Cliath-Béal Feirste***

*Tábla 3.1 Bealach an M1 Baile Átha Cliath-Béal Feirste*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Lusca | 4-5 | Ionad Seirbhíse Reatha Shaghas 1 | 15 |
| Baile an Ghearlánaigh | 15-16 | Ionad Seirbhíse Reatha Shaghas 1 | 50 |
| Teorainn | - | Críoch | 25 |

Déanann Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 freastal maith ar an mbealach ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste. Níl aon ionaid seirbhíse bhreise beartaithe don bhealach seo.

***An M2 ó Bhaile Átha Cliath go Cill Dhéagláin***

*Tábla 3.2 Bealach an M2 Baile Átha Cliath-Cill Dhéagláin*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Cill Dhéagláin | 3 | Críoch | 20 |

Tá an bealach ó Bhaile Átha Cliath go Cill Dhéagláin sách gearr agus ní theastaíonn soláthar ionad seirbhíse uaidh.

***An M3 ó Bhaile Átha Cliath go Ceanannas***

*Tábla 3.3 Bealach an M3 Baile Átha Cliath-Ceanannas*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Cluain Aodha-Baile Bhluindín | 4-7 | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 5-30 |
| Ceanannas | 10 | Críoch | 25-50 |

Tá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 beartaithe don bhealach ó Bhaile Átha Cliath go dtí Ceanannas. Is é an stráice atá sainaitheanta ná an stráice ó Acomhal 4 (Cluain Aodha) go hAcomhal 7 (Baile Bhluindín). Agus aird ar chastacht rogha na láithreach, agus ar PPP an M3, stiúrfaidh an tÚdarás, i gcomhairliúchán le Comhairle Contae na Mí, a fhorbairt.

### *An M4/M6 ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh*

*Tábla 3.4 Bealach an M4/M6 Baile Átha Cliath-Gaillimh*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| An Bóthar Buí | 9-10 (M4) | Ionad Seirbhíse Reatha Shaghas 1 | 35 |
| Baile Átha Luain | 7-8 (M6) | Ionad Seirbhíse Shaghas 1 (Céim na Tairisceana) | 70 |
| An M6/M17/M18 | 18 (M6) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 80 |
| Gaillimh | - | Críoch | 15 |

Tá dhá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 suite cheana féin ar an mbealach ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh (ceann reatha amháin agus ceann eile atá i gcéim na tairisceana).

Tá Ionad Seirbhíse breise Shaghas 1 beartaithe don bhealach seo. Is í an láthair optamach a bheartaítear don ionad seirbhíse seo acomhal an M6/M17/M18. D'fhreastalódh an tIonad Seirbhíse seo ar bhealaí an M6 agus an M17/M18.

Agus aird ar an láthair bheartaithe ag acomhal an M17/M18 agus nach bhfuil rochtain ar an M6 ó aon chinn de na bealaí eile seachas ón dá scéim PPP mótarbhealaigh, stiúrfaidh an tÚdarás, i gcomhairliúchán le Comhairle Contae na Gaillimhe, a fhorbairt.

### *An M7/N21/N69 ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach/Faing*

*Tábla 3.5 Bealach an M7/N21/N69 ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach/Faing*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Ráth Cúil-an Nás Thuaidh | 4-9 (M7) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 nó Shaghas 2 | 10-20 |
| Gort na Bealtaine | 14 (M7) | Ionad Seirbhíse Shaghas 1 | 30-40 |
| Muine Gall | 23 (M7) | Ionad Seirbhíse Shaghas 1 | 80 |
| Cnocán an Éin Fhinn-Caladh an Treoigh | 27-28 (M7) | Ionad Seirbhíse Shaghas 2 | 35-50 |
| Cóngaracht Fhainge | (N21/N69) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | Le Deimhniú |

Tá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 nó Shaghas 2 beartaithe don stráice den N7 ó Acomhal 4 (Ráth Cúil) go hAcomhal 9 (an Nás Thuaidh). Seo stráice den bhóthar ar gá don Údarás é a uasghrádú mar gheall ar rialacháin TEN-T a bheidh i gceist sna blianta amach romhainn. Cuirfidh an tÚdarás soláthar ionad seirbhíse ar an líne san áireamh nuair a bhíonn an t-uasghrádú seo á phleanáil acu.

Sonraítear an suíomh ag Gort na Bealtaine, agus Cnocán an Éin Fhinn-Caladh an Treoigh i Mír 3.3.2 thuas.

Tá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 beartaithe don bhealach ó Luimneach go Faing. D'fhéadfadh seo a bheith suite i ngar don chaladh i bhFaing, ach d'fhéadfadh sé a bheith suite amach ón gcaladh, ag brath ar conas a thagann an scéim chun cinn. Cuirfidh Comhairle Contae Luimnigh, i gcomhairle leis an Údarás, breithniú san áireamh ar an láthair oiriúnach don ionad seirbhíse seo mar chuid de phleanáil na scéime, atá ar bun cheana féin.

***An M7/M8/N28 ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh/Rinn an Scidígh***

*Tábla 3.6 Bealach an M7/M8/N28 ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh/Rinn an Scidígh*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Ráth Cúil-an Nás Thuaidh | 4-9 (M7) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 nó Shaghas 2 | 10-20 |
| Gort na Bealtaine | 14 (M7) | Ionad Seirbhíse Shaghas 1 | 30-40 |
| Baile Cholla-Caiseal | 3-8 (M8) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 50-100 |
| Baile Mhistéala-Mainistir Fhear Maí | 13-14 (M8) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 45-105 |
| Rinn an Scidígh | (N28) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | Le Deimhniú |

Pléitear stráice an M7 den bhealach seo thuas.

Pléitear an staid maidir le Gort na Bealtaine, Baile Cholla-Caiseal agus Baile Mhistéala-Mainistir Fhear Maí i Mír 3.3.2 thuas.

Tá Ionad Seirbhíse breise Shaghas 1 beartaithe don N28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh. Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhairle leis an Údarás, breithniú san áireamh ar an láthair oiriúnach don ionad seirbhíse seo mar chuid de phleanáil na scéime, atá ar bun cheana féin.

***An M7/M9 ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge***

*Tábla 3.7 Bealach an M9 ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Ráth Cúil-an Nás Thuaidh | 4-9 (M7) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 nó Shaghas 2 | 10-20 |
| Cill Chuilinn | 2-3 (M9) | Ionad Seirbhíse Shaghas 1 (Céim na Tairisceana) | 25-35 |
| Ceatharlach Theas-Cill Chainnigh | 6-8 (M9) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 40-60 |
| Port Láirge | - | Críoch | 45-65 |

Pléitear stráice an M7 den bhealach seo thuas. Tá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 suite ar an mbealach ó acomhal an M7 a fhad le Port Láirge a bhfuil céim ardoibreacha tógála agus tairisceana bainte amach aige idir Acomhal 2 agus Acomhal 3 (Cill Chuilinn).

Pléitear an staid maidir le Ceatharlach Theas-Cill Chainnigh i Mír 3.3.2 thuas.

***An M11 ó Bhaile Átha Cliath go Ros Láir***

*Tábla 3.8 Bealach an M11 ó Bhaile Átha Cliath go Ros Láir*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh |
|---|---|---|---|

| | | | (km) |
|---|---|---|---|
| Bhaile Átha Cliath | - | Tosú | - |
| Deilgne-Cuileann Mór | 10-14 | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 nó Shaghas 2 | 10-25 |
| Guaire | 21-22 | Ionad Seirbhíse Shaghas 1 (Céim na Tógála) | 35-50 |
| Inis Córthaidh | - | Críoch | 40 |

Tá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 suite ar bhealach an M11 ó Bhaile Átha Cliath go Ros Láir céim na tógála bainte amach aige (Guaire).

Tá Ionad Seirbhíse breise Shaghas 1 nó Shaghas 2 beartaithe don stráice den N11 ó Dheilgne go Cuileann Mór. Seo stráice den bhóthar ar gá don Údarás é a uasghrádú mar gheall ar rialacháin TEN-T a bheidh i gceist sna blianta amach romhainn. Cuirfidh an tÚdarás soláthar ionad seirbhíse ar an líne san áireamh nuair a bhíonn an t-uasghrádú seo á phleanáil acu.

Déanfaidh an tÚdarás breithniú ar ionaid bhreise seirbhíse mar chuid lárnach d'aon scéim débhealaigh amach anseo nuair a bheidh pleanáil á déanamh acu ar fhorbairt an bhealaigh seo laisteas d'Inis Córthaidh.

### *An M17/18 ó Luimneach go Tuaim*

*Tábla 3.9 Bealach an M17/M18 ó Luimneach go Tuaim*

| Láthair | Acomhal | Saghas | An Neasfhad ón ionad deiridh (km) |
|---|---|---|---|
| Luimneach | - | Tosú | - |
| Droichead Abhann Ó gCearnaigh-Inis | 7-12 | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 15-30 |
| An M6/M17/M18 | 18 (M6) | Ionad Seirbhíse Beartaithe Shaghas 1 | 55-70 |
| Tuaim | - | Críoch | 30 |

Níl aon ionaid seirbhíse suite, faoi láthair, ar an mbealach ó Luimneach go dtí an Gort, ná ar an stráice ón nGort go Tuaim atá á thógáil faoi láthair. Tá dhá Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 beartaithe don bhealach seo.

Freastalóidh an t-ionad seirbhíse a bheartaítear ag acomhal an M6/M17/M18 ar bhealaí an M6 agus an M17/M18, faoi mar a phléitear thuas. PPPanna iad seo, agus stiúrfaidh an tÚdarás, i gcomhairliúchán le Comhairle Contae na Gaillimhe, a fhorbairt.

Tá Ionad Seirbhíse Shaghas 1 beartaithe, chomh maith, don stráice idir Droichead Abhann Ó gCearnaigh agus Inis. Teastóidh aird ar leith ó láthair an ionaid seirbhíse seo mar gheall ar chastacht stráice an bhealaigh seo agus stiúrfaidh an tÚdarás, i gcomhairliúchán le Comhairle Contae an Chláir, a fhorbairt.

### *Achoimre*

*Tábla 3.10 Achoimre ar Riachtanais Ionad Seirbhíse*

| Catagóir | Líon | Láithreacha | |
|---|---|---|---|
| **Ionad Seirbhíse Shaghas 1 an NRA**<br>Curtha ar fáil/á thógáil/ar tairiscint | 6 | Lusca (an M1)<br>(an M1)<br>An Bóthar Buí (an M4)<br>Cill Chuilinn (an M9) | Caisleán an Ghearlánaigh<br><br>Baile Átha Luain (an M6)<br>Guaire (an M11) |
| **Ionaid Seirbhíse ar Leataobh**<br>Ag freastal ar riachtanais úsáideoirí bóithre faoi | 2 | Gort na Bealtaine (M7) | Muine Gall (an M7) |

| | | |
|---|---|---|
| láthair | | |
| **Áiseanna ar Leataobh**<br>Reatha/le cumas pleanála chun freastal ar riachtanais úsáideoirí bóithre | 2 | Cnocán an Éin Fhinn-Caladh an Treoigh (an M7) Baile Cholla-Caiseal (anM8) |
| **Áiseanna ar Leataobh Amach Anseo**<br>Forbairtí féideartha | 2 | Baile Mhistéala-Mainistir Fhear Maí (M8) Ceatharlach Theas-Cill Chainnigh (an M9) |
| **Ionad Seirbhíse Shaghas 1 an NRA Amach Anseo** | 5 | Cluain Aodha-Baile Bhluindín (an M3) M6/M17/M18<br>Droichead Abhann Ó gCearnaigh-Inis (an M18) Rinn an Scidígh (an N28)<br>Cóngaracht Fhainge (an N21/an N69) |
| **Ionad Seirbhíse Shaghas 1 nó Shaghas 2 Amach Anseo**<br>Cinneadh le déanamh orthu mar chuid de phleanáil uasghrádaithe bóithre | 2 | Ráth Cúil-an Nás Thuaidh (an M7) Deilgne-Cuileann Mór (an M11) |

### 3.5 Láithreacha Sonraithe

Beartaíonn an beartas seo an spásáil ghinearálta agus na neasláithreacha inar cheart ionaid seirbhíse a sholáthar. Ní dhéanann sé suíomhanna ar leith ná láithreacha sonraithe a shainaithint.

Bunaithe ar an taithí a fuarthas i bhforbairt ionaid seirbhíse go dtí seo, fadhb ar leith é suíomhanna oiriúnacha a shainaithint. Tá gá ann chun bóithre rochtana/sliosbhóithre ón mbealach príomhlíne a thógáil (ar mhaithe le hionaid seirbhíse ar an líne) agus le limistéir mhóra atá réidh chun páirceáil iontu. Mar gheall ar chastacht roghnú an tsuímh, aithníonn an beartas seo go bhféadfadh gá bheith ann le solúbthacht maidir le láthair chruinn an tsuímh, agus ceadóidh caighdeáin deartha an Údaráis méid áirithe solúbthachta maidir le dearadh sonraí.

## 4 Comharthaíocht agus Faisnéis

### 4.1 Comharthaíocht chuig na hIonaid Seirbhíse

Soláthróidh an tÚdarás comharthaíocht do gach ionad seirbhíse ar an líne. Soláthrófar an chomharthaíocht ag na láithreacha seo cosúil leis an gcaoi a soláthraítear an Réamhchomharthaíocht Treo le haghaidh acomhail ilairde. Ar a bharr sin, suiteálfar comharthaíocht a thabharfaidh praghsanna breosla roimh bhealach isteach na háise, agus féadtar comharthaí breise faisnéise a sholáthar roimh an ionad, faoi mar is cuí, a thugann an fad chuig an gcéad Ionad Seirbhíse eile le fios, e.g. An Chéad Ionad Seirbhíse Eile 70km.

Soláthrófar comharthaíocht, chomh maith, do na háiseanna ar leataobh dá dtagraítear in 3.3.2 thuas, a fhad agus a chomhlíonann na forbairtí ar leataobh na critéir shonraithe. Suiteálfar an chomharthaíocht i gcomhar leis an ngnáth-Réamhchomharthaíocht Treo don acomhal ar leith, agus ar an ábhar sin, beidh an chomharthaíocht seo éagsúil ón gcomharthaíocht a sholáthraítear d'ionaid seirbhíse ar an líne, faoi mar a luaitear thuas. Suiteálfar an chomharthaíocht ag áiteanna atá ar fáil idir na Réamhchomharthaí Treo, agus comharthaí do Thurasóirí, áit a mbíonn siad i láthair ag an acomhal ar leith.

Úsáidtear comharthaí donna faisnéise le haghaidh go leor de na háiseanna ar leataobh atá suite i ngar don líonra a sholáthraíonn seirbhísí do thiománaithe faoi láthair, go príomha áiseanna breosla, sólaistí agus leithris.

### 4.2 Faisnéis

Faoi mar a thugann taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre le fios ar thuirse, tá gá ann le hoideachas a chur ar úsáideoirí bóithre ar na bealaí is fearr chun an tuirse a chomhrac. Oibreoidh an tÚdarás i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun breis oideachais a chur ar

úsáideoirí bóithre ar na sochair a bhaineann le leas a bhaint as ionaid seirbhíse chun an tuirse a chomhrac. Meastar gur cheart oideachas a chur ar úsáideoirí bóithre anuas ar fhorbairt ionaid seirbhíse.

In am trátha, cuirfidh an tÚdarás socruithe i bhfeidhm maidir le réamháirithint le haghaidh feithiclí tráchtála, agus le haghaidh slándáil fheabhsaithe ina n-ionad seirbhíse ar an líne chun ceanglais ITS an AE a chomhlíonadh ina leith seo.

Déanfaidh an tÚdarás idirchaidreamh leis na comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear soláthróirí faisnéis tráchtála agus faisnéise do thurasóirí, lena chinntiú go bpoiblítear na hionaid seirbhíse. Anuas air sin, déanfaidh an tÚdarás fiosrú ar úsáid na teicneolaíochta chun leibhéil níos mó d'fhaisnéis d'úsáideoirí bóithre a sholáthar cibé acu trí láithreán gréasáin an Údaráis nó ar bhealaí eile. Beidh an fhaisnéis seo an-úsáideach do thurasóirí agus tiománaithe tráchtála a thagann go hÉirinn ó thíortha eile.

# 5 Soláthar Ionaid Seirbhíse

## 5.1 Ionaid Seirbhíse ar an Líne

Tá an tÚdarás, mar aon le húdaráis áitiúla, freagrach as ionaid seirbhíse ar an líne a sholáthar, cibé acu mar pháirt lárnach de bhóithre nua nó mar uasghráduithe ar bhóithre reatha. Dá thoradh sin, beidh an tÚdarás nó údaráis áitiúla freagrach as pleanáil agus forbairt na scéime, as faomhadh reachtúil a fháil, agus beidh na hionaid sin seirbhíse faoina n-úinéireacht féin.

Déantar na cinntí faoi cén ionaid seirbhíse ar an líne a thógfar, cén áiseanna a chuirfear san áireamh iontu, agus mar sin de, ar bhonn leas an phobail, seachas ar mhaithe le torthaí airgeadais a uasmhéadú. Dá ainneoin sin, a luaithe a dhéantar na cinntí sin, is é cuspóir an Údaráis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach, agus chun an luach geilleagrach a uasmhéadú don phobal.

Chuige sin, is é beartas an Údaráis an tógáil go léir a sheachfhoinsiú don earnáil phríobháideach, agus beidh feidhm ag an mbeartas sin le hionaid seirbhíse. Bhí sé mar bheartas, chomh maith, go dtí seo, chun cothabháil agus oibriú ionaid seirbhíse a sheachfhoinsiú, agus leanfaidh an beartas sin a bheith i bhfeidhm chomh maith.

Cé go bhfuil PPPanna á n-úsáid do na sé ionad seirbhíse atá forbartha nó atá i gcéim na tairisceana go dtí seo, níl aon chinneadh déanta go fóill faoi cén struchtúr a úsáidfear chun seachfhoinsiú amach anseo a dhéanamh.

Is iad na tosaíochtaí don Údarás don ghréasán reatha, in ord anuas:

- An próiseas éadála a chríochnú do na trí ionad seirbhíse atá i gcéim na tairisceana;
- Ionad Seirbhíse a sholáthar ag acomhal an M6/M17/M18;
- Ionaid Seirbhíse a sholáthar ar an M3 (Cluain Aodha-Baile Bhluindín), agus ar an M18 (Droichead Abhann Ó gCearnaigh-Inis);
- Ionaid Seirbhíse a sholáthar ag na láithreacha a shonraítear in 3.3.2 thuas murar tháinig na forbairtí ar leataobh a bhfuil coinne leo chun cinn.

Mar seo a leanas a sholáthrófar iad:

Is dóchúil go n-osclófar na trí ionad seirbhíse atá i gcéim na tairisceana in 2015, 2016 agus b'fhéidir 2017.

Osclófar an tIonad Seirbhíse ag acomhal an M6/M17/M18 thart ar an tráth céanna a thógfar an M17/M18, i.e. faoi 2018.

Cuirfear tús láithreach le pleanáil le haghaidh na n-ionad seirbhíse eile ar an ngréasán reatha, agus tá cinneadh le déanamh ar na dátaí tógála.

Ní thagann beartú tosaíochta scéimeanna nua bóithre faoi chuimsiú an bheartais seo, ach go ginearálta, tá sé beartaithe go n-osclófar ionaid seirbhíse ar scéimeanna nua nuair a osclófar na bóithre nua don trácht.

## 5.2 Ionaid Seirbhíse ar Leataobh

Seachas an ról comhairlí reachtúil a shonraítear i Mír 1.4, níl aon ról ag an Údarás lena dheimhniú conas ar cheart forbairtí ar leataobh le soláthar.

# 6 Achoimre

Cuimsíonn an beartas seo ionaid seirbhíse a sholáthar ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Sainaithníonn sé láithreacha le haghaidh ionaid seirbhíse ar stráicí de bhóithre reatha débhealaigh in Éirinn.

Is iad seo a leanas príomhfhorálacha an bheartais:

- Teastaíonn limistéir a chuireann ar chumas úsáideoirí bóithre páirceáil agus scíth a ligean ar thurais fhada ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre agus le freastal ar riachtanais úsáideoirí bóithre
- Soláthrófar Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 nó thart ar gach 100km
- Soláthrófar Ionaid Seirbhíse Shaghas 2 sa chás go mbíonn an bhearna idir Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 breis agus 85km
- Forbrófar Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 nó Ionaid Seirbhíse Shaghas 2 mar chuid lárnach de scéimeanna bóthair amach anseo, sa chás cuí
- Soláthrófar ionaid seirbhíse mar chuid d'uasghráduithe ar bhóithre reatha náisiúnta, má theastaíonn sé, agus déanfar breithniú ar a soláthar ar chodanna cóngaracha den ghréasán.

Tá gá ann le 19 n-ionad seirbhíse ar an Iomlán ar an ngréasán bóithre náisiúnta débhealaigh (mótarbhealaí san áireamh).

Tá Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 oscailte, á dtógáil, nó ag céim na tairisceana ag na sé láthair a leanas:

- Lusca (ó A4 go A5) ar an M1
- Caisleán an Ghearlánaigh (ó A15 go A16) ar an M1
- An Bóthar Buí (ó A9 go A10) ar an M4
- Baile Átha Luain (ó A7 go A8) ar an M6
- Cill Chuilinn (ó A2 go A3) ar an M9
- Guaire (ó A21 go A22) ar an M11

Tá sé beartaithe ag an Údarás forbairt cúig ionad seirbhíse Shaghas 1 a stiúradh ag na láithreacha a leanas:

- Acomhal an M6/M18/M17
- Cluain Aodha go Baile Bhluindín (ó A4 go A7) ar an M3
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh go hInis (ó A7 go A12) ar an M18
- An N21/N69 Calafort Fhainge
- An N28 Chalafort Rinn an Scidígh

Cuirfidh an tÚdarás ionaid seirbhíse san áireamh mar chuid lárnach d'aon scéim bóithre débhealaigh amach anseo. Sainaithníodh dhá láthair go dtí seo:

- Ó Ráth Cúil go dtí an Nás Thuaidh (ó A4 go A9) ar an N7
- Ó Dheilgne go Cuileann Mór (ó A10 go A14) ar an N11

Aithnítear go gcomhlíonann dhá áis ar leataobh na critéir a shonraítear i Mír 3.3.2 cheana féin, is iad siúd:

- Gort na Bealtaine (A14) ar an M7
- Muine Gall (A23) ar an M7

D'fhéadfadh na ceithre láthair a leanas d'ionaid seirbhíse ar leataobh reatha nó amach anseo na critéir a shonraítear in 3.3.2, is iad sin:

- Ó Chnocán an Éin Fhinn go Caladh an Treoigh (ó AJ27 go A28) ar an M*7*

- Ó Bhaile Cholla go Caiseal (ó A3 go A8) ar an M8
- Ó Bhaile Mhistéala go Mainistir Fhear Maí (ó AJ13 go A14) ar an M8
- Ó Cheatharlach Theas go Cill Chainnigh (ó A6 go A8) ar an M9